

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
15 Samhain 2005

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Chúirt

★ Leasuithe ar rialacha nós imeachta na cúirte céadchéime	1
---	---

CHÚIRT

LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE CÉADCHÉIME

TÁ CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS A DHÉANAMH AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA:

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe an cúigiú mír d'Airteagal 224 de;

Airteagal 1

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an cúigiú mír d'Airteagal 140 de;

Déantar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach an 2 Bealtaine 1991 ⁽³⁾, arna leasú an 15 Meán Fómhair 1994 ⁽⁴⁾, an 17 Feabhra 1995 ⁽⁵⁾, an 6 Iúil 1995 ⁽⁶⁾, an 12 Márta 1997 ⁽⁷⁾, an 17 Bealtaine 1999 ⁽⁸⁾, an 6 Nollaig 2000 ⁽⁹⁾, an 21 Bealtaine 2003 ⁽¹⁰⁾, an 19 Aibreán 2004 ⁽¹¹⁾ agus an 21 Aibreán 2004 ⁽¹²⁾, a leasú mar a leanas:

Ag féachaint d'Airteagal 63 den Phrótocal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais;

1) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 7(1):

Ag féachaint do chomhaontú na Cúirte Breithiúnais;

‘§ 1

Ag féachaint don fhormheas ón gComhairle arna thabhairt an 18 Iúil 2005 agus an 3 Deireadh Fómhair 2005,

Láithreach tar éis an athraithe dá bhforáiltear in Airteagal 224 de Chonradh CE agus in Airteagal 140 de Chonradh CEFA ar chuid de na Breithiúna, déanfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Céadchéime a thoghadh as a líon féin go ceann téarma trí bliana.’

De bhrí an mhéid seo a leanas:

2) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad an dara fómhír d'Airteagal 9:

(1) Ní foláir, i bhfianaise na taithí, leasuithe áirithe a dhéanamh ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Céadchéime d'fhonn soiléiriú a dhéanamh ar a raon feidhme nó d'fhonn iad a chur in oiriúint do riachtanais eagrú éifeachtach dhea-oibriú na nósanna imeachta.

‘Má bhíonn Uachtarán na Cúirte Céadchéime agus Uachtaráin na nDlísheomraí uile as láthair san am céanna nó mura féidir dóibh san am céanna a bheith i láthair nó má bhíonn folúntas in oifig an Uachtaráin, déanfaidh Uachtarán Dlísheomra, de réir an ord tosaíochta atá leagtha síos in Airteagal 6, a fheidhmeanna a fheidhmiú.’

(2) Ní foláir oiriúnú a dhéanamh ar na forálacha maidir le cúnamh dlíthiúil ag féachaint d'fhorálacha Threoir 2003/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003, chun feabhas a chur ar an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann trí íosrialacha coitinne a bhunú maidir le cúnamh dlíthiúil i ndíospóidí den sórt sin ⁽¹⁾.

3) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 24(1):

‘§ 1

Coimeádfar sa Chlárlann, faoi urlámhas an Chláraitheora, clár ina ndéanfar na pléadálacha go léir maille lena ndoiciméid tacaíochta a thairfeadh san ord ina dtaiscfear iad.’

(3) Ní foláir rialú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne bhreitheanna an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh arna bhunú le Cinneadh 2004/752/CE, Euratom ón gComhairle an 2 Samhain 2004 ⁽²⁾,

⁽³⁾ IO L 136, 30.5.1991, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 249, 24.9.1994, lch. 17.

⁽⁵⁾ IO L 44, 28.2.1995, lch. 64.

⁽⁶⁾ IO L 172, 22.7.1995, lch. 3.

⁽⁷⁾ IO L 103, 19.4.1997, lch. 6.

⁽⁸⁾ IO L 135, 29.5.1999, lch. 92.

⁽⁹⁾ IO L 322, 19.12.2000, lch. 4.

⁽¹⁰⁾ IO L 147, 14.6.2003, lch. 22.

⁽¹¹⁾ IO L 132, 29.4.2004, lch. 3.

⁽¹²⁾ IO L 127, 29.4.2004, lch. 108.

⁽¹⁾ IO L 26, 31.3.2003, lch. 41.

⁽²⁾ IO L 333, 9.11.2004, lch. 7.

4) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 32(3):

'Más rud é, sa Mhórdhlísheomra nó i gceann de na dlísheomraí ar a bhfuil cúigear Breithiúna, nach mbaintear amach an líon breithiúna dá bhforáiltear in Airteagal 10(1), de bharr breitheamh a bheith as láthair nó mar gheall nach féidir dó a bheith i láthair roimh dháta oscailte an nós imeachta ó bhéal, ainmneoidh Uachtarán na Cúirte Céadchéime Breitheamh chun an Dlísheomra sin a chomhlánú d'fhonn líon na mBreithiúna a athneartú go dtí an líon dá bhforáiltear.'

5) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 41(1):

'§ 1

Má mheasann an Chúirt Chéadchéime nach bhfuil iompar comhairleora ná dlíodóra i leith na Cúirte Céadchéime, an Uachtaráin, Breithimh, ná an Chláraitheora ag luí le dínit na Cúirte Céadchéime ná le riachtanais riar rianúil an cheartais, nó má mheasann sí go bhfuil an comhairleoir nó an dlíodóir ag úsáid na gceart atá aige de bharr a oifige chun críoch nach chucu a deonaíodh iad, cuirfidh sí ar an eolas an duine atá i dtrácht. Féadfaidh an Chúirt Chéadchéime na húdaráis inniúla ar dóibh atá an duine atá i dtrácht freagrach a chur ar an eolas; cuirfear cóip den litir a sheoltar chuig na húdaráis sin chuig an duine atá i dtrácht.

Ar na forais chéanna, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime, tráth ar bith tar éis an duine atá i dtrácht a éisteacht, an duine sin a eisiamh ón nós imeachta. Beidh feidhm láithreach ag an ordú sin.'

6) Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) cuirtear an dara habairt seo a leanas le mír 6:

'Ní bheidh Airteagal 102(2) infheidhme maidir leis an tréimhse deich lá seo.'

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'§ 7

Gan dochar don chéad fhomhír de mhír 1 ná do mhíreanna 2 go 5, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime, trí chinneadh, na critéir a shannadh faoina meastar gur doiciméad bunaidh é doiciméad nós imeachta a sheoltar go leictreonach chuig an gClárlann. Déanfar an cinneadh sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.'

7) Leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Laistigh de dhá mhí tar éis an t-iarratas a sheirbheáil air, dlífidh an cosantóir meabhrán cosanta a thaisceadh, ina luafaidh sé.'

(b) cuirtear an téacs seo a leanas in ionad mhír 3:

'§ 3

Féadfaidh an tUachtarán in imthosca eisceachtúla an tréimhse a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a fhadú ar iarratas réasúnaithe a fháil ón gcosantóir.'

8) Leasaítear Airteagal 50 mar a leanas:

(a) déantar mír 1 den mhír aonair;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'§ 2

Féadfaidh gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí na bpáirtithe uile sna cásanna ceangailte scrúdú a dhéanamh sa Chlárlann ar na bearta nós imeachta arna seirbheáil ar na páirtithe sna cásanna eile atá i dtrácht. Féadfaidh an tUachtarán, áfach, ar iarratas ó pháirtí, gan dochar d'Airteagal 67(3) den Rialachán seo, doiciméid atá faoi rún nó faoi iontaoibh a eisiamh ón scrúdú sin.'

9) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 55(1):

'§ 1

Déileálfaidh an Chúirt Chéadchéime leis na cásanna os a comhair san ord ina gcríochnófar na réamhfhiosrúcháin iontu. Má chríochnaítear san am céanna na réamhfhiosrúcháin i gcásanna éagsúla, cinnfear an t-ord de réir dáta taifeadta iarratais a dtionscanta sa chlár faoi seach.'

10) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 64(5):

'§ 5

Má thugann an Chúirt Chéadchéime ina suí di i seisiún iomlánach nó i Mórdhlísheomra breith bearta um eagrú an nós imeachta a fhorordú agus nach nglacfaidh sí féin na bearta sin ar láimh, cuirfidh sí a gcúram ar an Dlísheomra dar sannadh an cás a chéaduaire nó ar an mBreitheamh is Rapóirtéir.'

11) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 67(1):

'§ 1

Má ordaíonn an Chúirt Chéadchéime ina suí di i seisiún iomlánach nó i Mórdhlísheomra réamhfhiosrúcháin ach nach nglacfaidh sí féin an fiosrúcháin sin ar láimh, cuirfidh sí a chúram ar an Dlísheomra dar sannadh an cás a chéaduaire nó ar an mBreitheamh is Rapóirtéir.'

12) Leasaítear Airteagal 76a mar a leanas:

(a) cuirtear an abairt seo a leanas leis an dara fhomhír de mhír 1:

'Féadfar a shonrú san iarratas sin nach ndéanfar pléadálacha ná argóintí ná sleachta áirithe den iarratas lena dtionscnaítear na himeachtaí, ná pléadálacha ná argóintí ná sleachta áirithe den chosaint a tharraingt anuas ach amháin i gcás nach ndéantar breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe, go háirithe trí leagan coimrithe den iarratas a chur isteach i dteannta an iarratais chomh maith le liosta de na hiarscríbhinní nach gcaithfear a chur san áireamh ach amháin i gcás go ndéantar breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe.'

(b) Leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) déantar mír 2 den mhír aonair;

(ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar Airteagal 46(1), i gcás go ndéanfaidh an t-iarratasóir iarratas, i gcomhréir le mír 1, go dtabharfaí an bhreith faoi nós imeachta brostaithe, tréimhse míosa a bheidh ann chun an meabhrán cosanta a thaisceadh. Má chinneann an Chúirt Chéadchéime gan an t-iarratas seo a cheadú, beidh tréimhse bhreise míosa ag an gcosantóir chun an meabhrán cosanta a thaisceadh nó chun cur leis, de réir mar a bheidh. Féadfar an tréimhse a leagtar síos san fhomhír seo a fhadú de bhun Airteagal 46(3).';

(c) Cuirtear isteach mír 4 mar a leanas:

'§ 4

Féadfar coinníollacha a leagan síos i gcinneadh na Cúirte Céadchéime breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe, maidir le toirt agus maidir le cur i láthair phléadálacha na bpáirtithe, maidir le seoladh na n-imeachtaí dá éis sin agus maidir leis na pléadálacha dlí agus leis na hargóintí a n-iarrfar ar an gCúirt Chéadchéime breith a thabhairt orthu.

Má bhíonn coinníoll amháin nach bhfuil á chomhlíonadh ag ceann de na páirtithe, féadfar an cinneadh breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe a chúlghairm. Leanfar leis na himeachtaí ina dhiaidh sin faoin ngnáthnós imeachta.'.

13) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 93:

'Airteagal 93

§ 1

Déanfar na suimeanna a bheidh dlite ó airgeadóir na Cúirte Céadchéime agus ó chreidiúnaithe na Cúirte Céadchéime a íoc in euro.

§ 2

Más rud é go ndéantar costais atá le haisíoc a thabhtú in airgeadra seachas an euro nó gur i dtír nach é an euro a hairgeadra a rinneadh na bearta a ndlitear íocaíocht ina leith, déanfar an t-airgeadra a chomhshó de réir rátaí malairte tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh lá na híocaíochta.'.

14) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Chaibidil 7 i dTeideal 2:

'Caibidil 7

CÚNAMH DLÍTHIÚIL

Airteagal 94

§ 1

Chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a chinntiú, deonófar cúnamh dlíthiúil i leith imeachtaí os comhair na

Cúirte Céadchéime i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas.

Clúdóidh cúnamh dlíthiúil, go hiomlán nó go páirteach, na costais a bheidh i dtreis maidir leis an gcúnamh dlíthiúil agus maidir leis an ionadú dlíthiúil os comhair na Cúirte Céadchéime. Airgeadóir na Cúirte Chéadchéime a íocfaidh na costais sin.

§ 2

Gach duine nádúrtha nach féidir leis, mar gheall ar a staid eacnamaíoch, na costais dá dtagraítear i mír 1 a íoc go hiomlán nó go páirteach, beidh sé de cheart aige tairbhe a bhaint as cúnamh dlíthiúil.

Cuirfear san áireamh fachtóirí oibiachtúla ar nós ioncaim, caipitil agus chás an teaghlaigh agus measúnú á dhéanamh ar an staid eacnamaíoch.

§ 3

Diúltófar cúnamh dlíthiúil más léir go bhfuil an chaingean a bhfuil sé á lorg ina leith doghlachta nó gan bhunús.

Airteagal 95

§ 1

Féadfar iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil sula ndéanfar an chaingean a thionscnamh nó tar éis í a thionscnamh.

Ní gá don iarratas a theacht ó dhlíodóir.

§ 2

Ní foláir gach faisnéis agus gach doiciméad tacaíochta a chur isteach leis an iarratas ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar staid eacnamaíoch an iarratasóra, ar nós teastais ó údarás náisiúnta inniúil a fhianaíonn staid eacnamaíoch an iarratasóra.

Má dhéantar an t-iarratas sula dtionscnaítear an chaingean, ní mór don iarratasóir achoimre a dhéanamh ar ábhar na caingne atá beartaithe, ar fhíorais na caingne agus ar na hargóintí i bhfabhar na caingne. Beidh doiciméid tacaíochta i gceangal leis an iarratas chuige seo.

§ 3

Féadfaidh an Chúirt Chéadchéime foráil a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 150, gur gá go héigeantach foirm a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil.

Airteagal 96

§ 1

Sula dtabharfaidh sí breith ar iarratas ar chúnamh dlíthiúil, iarrfaidh an Chúirt Chéadchéime ar an bpáirtí eile a bharúlacha i scríbhinn a thíolacadh mura mbeidh sé soiléir cheana ar bhonn na faiséise arna tairiscint nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 94(2) comhallta ná nach bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 94(3) comhallta.

§ 2

Is le hordú a ghlacfaidh an tUachtarán breith ar an iarratas ar chúnamh dlíthiúil. Féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte Céadchéime.

Sonrófar in ordú lena ndiúltaítear cúnaimh dlíthiúil na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe.

§ 3

San ordú lena ndeonaítear cúnaimh dlíthiúil, ceapfar dlíodóir chun feidhmiú ar son an duine atá i dtrácht.

Mura gcuirfidh an duine sin in iúl cén dlíodóir is rogha leis, nó mura féidir glacadh lena rogha, cuirfidh an Cláráitheoir cóip den ordú lena ndeonaítear cúnaimh dlíthiúil agus cóip den iarratas ar chúnamh dlíthiúil chuig an údarás inniúil de chuid an Stáit áirithe atá sonraithe in Iarscríbhinn II de na Rialacha is forlíonadh ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. I bhfianaise moltaí a gheofar ón údarás sin, ceapfar dlíodóir a bheidh faoi theagasc feidhmiú ar son an iarratasóra.

Féadfar suim a shonrú san ordú lena ndeonaítear cúnaimh dlíthiúil, a focfar leis an dlíodóir atá faoi theagasc feidhmiú ar son an duine atá i dtrácht nó féadfar uasteorainn a shocrú ann nach féidir le heisiócaíochtaí ná le táillí an dlíodóra dul thairsti i bprionsabal. Féadfar foráil a dhéanamh ann do ranníocaíocht ón duine atá i dtrácht faoi chomhair na gcostas dá dtagraítear in Airteagal 94(1) agus aird á tabhairt ar a staid eacnamaíoch.

§ 4

Cuirfidh iarratas ar chúnamh dlíthiúil ar fionraí an tréimhse arna forordú do thionscnamh na n-imeachtaí go dtí an dáta a dtabharfar fógra faoin ordú lena ndéantar breith ar an iarratas sin, nó sna cásanna dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 3, faoin ordú lena gceaptar an dlíodóir atá faoi theagasc feidhmiú ar son an iarratasóra.

§ 5

Féadfaidh an tUachtarán tráth ar bith, uaidh féin nó ar iarratas a fháil, tar éis an duine atá i dtrácht a éisteacht, cúnaimh dlíthiúil a tharraingt siar má thagann athrú le linn na n-imeachtaí ar na himthosca ba bhun lena dheonú. Féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte Céadchéime.

Sonrófar san ordú lena ndéantar cúnaimh dlíthiúil a tharraingt siar na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe.

§ 6

Ní bheidh orduithe arna ndéanamh faoin Airteagal seo inachomhairc.

Airteagal 97

§ 1

Má dheonaítear cúnaimh dlíthiúil, féadfaidh an tUachtarán a chinneadh, ar iarratas ó dhlíodóir an duine atá i dtrácht, go ndéanfar réamhíocaíocht.

§ 2

Más rud é, de bhua na breithe lena gcuirtear clabhsúr ar na himeachtaí, go mbeidh ar thairbhí an chúnaimh

dlíthiúil a chostais féin a iompar, déanfaidh an tUachtarán eisiócaíochtaí agus táillí an dlíodóra atá le híoc ag airgeadóir na Cúirte Céadchéime a shocrú le hordú réasúnaithe nach inachomhairc. Féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte Céadchéime.

§ 3

Más rud é, sa bhreith lena gcuirtear clabhsúr ar na himeachtaí, go n-ordaíonn an Chúirt Céadchéime do pháirtí eile costais thairbhí an chúnaimh dhlíthiúil a iompar, dlífead den pháirtí eile sin na suimeanna arna réamhíoc mar chúnamh dlíthiúil a aisíoc le hairgeadóir na Cúirte Céadchéime.

I gcás agóide, nó mura gcomhlíonfaidh an páirtí éileamh ón gCláráitheoir na suimeanna sin a aisíoc, glacfaidh an tUachtarán cinneadh le hordú réasúnaithe nach inachomhairc. Féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chun na Cúirte Céadchéime.

§ 4

Má theipeann ar thairbhí an chúnaimh dhlíthiúil, féadfaidh an Chúirt Céadchéime, más gá sin ar mhaithe le cothromas, a ordú ina cinneadh maidir le costais sa bhreith lena gcuirtear clabhsúr ar na himeachtaí go n-íompróidh ceann amháin nó níos mó de na páirtithe a gcostais féin nó go n-íompróidh airgeadóir na Cúirte Céadchéime na costais sin go hiomlán nó go páirteach mar chúnamh dlíthiúil.'

15) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 113:

'Airteagal 113

Féadfaidh an Chúirt Céadchéime uaidh féin tráth ar bith, tar di éis na páirtithe a éisteacht, a chinneadh an bhfuil aon urchosc iomlán ann ar chás a dhul ar aghaidh nó a dhearbhu nach bhfuil ábhar leis a thuilleadh agus nach gá é a bhreithniú; tabharfaidh sí a breith de réir Airteagal 114(3) agus (4).'

16) Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 114(2):

'§ 2

A luaithe a bheidh an t-iarratas taiscthe, forordóidh an tUachtarán tréimhse ina bhféadfaidh an páirtí freasúra doiciméad a thaisceadh ina mbeidh saghas an ordaithe arna lorg agus na hargóintí dlí agus fíorais ar a bhfuil an páirtí sin ag seasamh'.

17) Cuirtear isteach an Teideal seo a leanas:

*TEIDEAL 5***ACHOMHAIRC I gCOINNE BHREITHEANNA AN BHINSE UM SHEIRBHÍS SHIBHIALTA AN AONTAIS EORPAIGH***Airteagal 137*

§ 1

Tabharfar achomharc trí fhógra achomhairc a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Céadchéime nó i gClárlann Bhinse na Seirbhíse Sibhialta.

§ 2

Cuirfidh Clárlann Bhinse na Seirbhíse Sibhialta láithreach chuig Clárlann na Cúirte Céadchéime na páipéir a bhaineann leis an gcás céadchéime agus, nuair is iomchuí, an t-achomharc.

Airteagal 138

§ 1

Beidh san fhógra achomhairc:

- (a) ainm agus seoladh an achomharcóra;
- (b) ainmneacha na bpáirtithe eile sna himeachtaí os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta;
- (c) na pléadálacha dlí agus na hargóintí dlíthiúla ar a bhfuiltear ag seasamh;
- (d) saghas an ordaithe arna lorg ag an achomharcóir.

Beidh feidhm ag Airteagail 43 agus 44(2) agus (3) maidir le hachomhairc.

§ 2

Beidh breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta is ábhar don achomharc i gceangal leis an bhfógra. Sonrófar san fhógra an dáta a gcuirtear in iúl don achomharcóir an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne.

§ 3

Mura gcomhlíonfaidh fógra achomhairc Airteagal 44(3) ná mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 44(6).

Airteagal 139

§ 1

Féadfar a iarraidh san achomharc:

- (a) breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach;
- (b) an saghas céanna ordaithe go hiomlán nó go páirteach a bhíodhas a lorg ag an gcéad chéim, agus ní dhéanfar saghas eile ordaithe a lorg.

§ 2

Ní fhéadfar ábhar na n-imeachtaí os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a athrú san achomharc.

Airteagal 140

Seirbheálfar an fógra achomhairc ar na páirtithe uile sna himeachtaí os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta. Beidh feidhm ag Airteagal 45.

Airteagal 141

§ 1

Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta frithaighneacht a thaisceadh laistigh de dhá mhí ón dáta a sheirbheáiltear an t-achomharc air. Ní fhadófar an tréimhse chun achomharc a thaisceadh.

§ 2

Beidh sa fhrithaighneacht:

- (a) ainm agus seoladh an fhreagróra;
- (b) an dáta a sheirbheáiltear fógra an achomhairc ar an bhfreagróir;
- (c) na pléadálacha dlí agus na hargóintí dlíthiúla ar a bhfuiltear ag seasamh;
- (d) saghas an ordaithe arna lorg ag an bhfreagróir.

Beidh feidhm ag Airteagail 43 agus 44(2) agus (3).

Airteagal 142

§ 1

Féadfar a iarraidh sa fhrithaighneacht:

- (a) an t-achomharc a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach, nó breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach;
- (b) an saghas céanna ordaithe, go hiomlán nó go páirteach, a bhíodhas a lorg ag an gcéad chéim, agus ní dhéanfar saghas eile ordaithe a lorg.

§ 2

Ní fhéadfaidh an fhrithaighneacht ábhar na n-imeachtaí os comhair Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a athrú.

Airteagal 143

§ 1

Féadfar an fógra achomhairc agus an fhrithaighneacht a fhorlíonadh le freagra agus athfhreagra má mheasann an tUachtarán, ar iarratas ón achomharcóir laistigh de sheacht lá ón lá a sheirbheáiltear an fhrithaighneacht, go bhfuil gá le tuilleadh pléadála den sórt sin, agus má cheadaíonn sé go sainráite é, chun a chumasú don achomharcóir a dheacadh a nochtadh nó chun bunús a sholáthar don bhreith ar an achomharc. Forordóidh an tUachtarán an dáta nach foláir an freagra a thíolacadh agus, tráth seirbheála na pléadála sin, an dáta nach foláir an t-athfhreagra a thíolacadh.

§ 2

Má aighnítear sa fhrithaighneacht gur ceart breith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach maidir le pléadáil dlí nach dtógtar san achomharc, féadfaidh an t-achomharcóir nó aon pháirtí eile freagra a thabhairt ar an bpléadáil sin amháin laistigh de dhá mhí ón lá a sheirbheáiltear an fhrithaighneacht atá i dtrácht. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon phléadáil bhreise a thiocfaidh ón bhfreagra sin.

Airteagal 144

Faoi réir na bhforálacha seo a leanas, beidh feidhm ag Airteagal 48(2), Airteagail 49, 50 agus 51(1), Airteagail 52, 55 go 64, 76a go 110, Airteagal 115(2) agus (3) agus Airteagail 116, 123, go 127 agus 129 maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Céadchéime i leith achomhairc ó bhreith Bhinse na Seirbhíse Sibhialta.

Airteagal 145

Más léir go bhfuil an t-achomharc, go hiomlán nó go páirteach, doghlactha nó gan bhunús, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime tráth ar bith, ag gníomhú di ar thuarascáil ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di tuairimí an Abhcóide Ghinearálta a éisteacht, an t-achomharc a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach le hordú réasúnaithe.

Airteagal 146

Ar thíolacadh na bpléadálacha dá bhforáiltear in Airteagal 141(1) agus, más iomchuí, in Airteagal 143(1) agus (2), féadfaidh an Chúirt Chéadchéime, ag gníomhú di ar thuarascáil ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis di an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, a chinneadh breith a thabhairt ar an achomharc gan nós imeachta ó bhéal mura dtíolacfaidh ceann de na páirtithe iarratas ina leagtar amach na cúiseanna ar mian leis go n-éisteofaí é. Déanfar an t-iarratas a thíolacadh laistigh de thréimhse míosa ó tugadh fógra don pháirtí faoi chríoch an nós imeachta i scríbhinn. Féadfaidh an tUachtarán an tréimhse sin a fhadú.

Airteagal 147

Cuirfear an réamhthuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 52 faoi bhráid na Cúirte Céadchéime tar éis na pléadálacha dá bhforáiltear in Airteagal 141(1) agus 143(1) agus (2) a thaisceadh. Mura dtaiscfear na pléadálacha sin, beidh feidhm ag an nós imeachta céanna tar éis an tréimhse chun pléadálacha a thaisceadh a dhul in éag.

Airteagal 148

Má tá an t-achomharc gan bhunús nó má tá bunús maith leis agus má thugann an Chúirt Chéadchéime féin breithiúnas sa chás, tabharfaidh an Chúirt Chéadchéime breith i dtaobh costas.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 88 ach maidir le hachomhairc arna dtionscnamh ag institiúidí.

De mhaolú ar Airteagal 87(2), féadfaidh an Chúirt Chéadchéime, in achomhairc arna dtionscnamh ag feidhmeannaigh nó ag seirbhísigh eile de chuid institiúide, a chinneadh go ndéanfar na costais a roinnt idir na páirtithe, más gá sin ar mhaithe le cothromas.

Má tharraingítear siar achomharc, beidh feidhm ag Airteagal 87(5).

Airteagal 149

Ní foláir iarratas ar idiragairt arna dhéanamh chun na Cúirte Céadchéime in imeachtaí achomhairc a thaisceadh laistigh de thréimhse míosa ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear in Airteagal 24(6).'

- 18) Athuimhrítear Airteagal 136a mar Airteagal 150 agus athuimhrítear Airteagal 137 mar Airteagal 151.

Airteagal 2

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 35(1) de na Rialacha sin, a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis a bhfoilsithe, amach ó phointí 17 agus 18 d'Airteagal 1.

Tiocfaidh pointí 17 agus 18 d'Airteagal 1 i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm Airteagal 1 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Reacht na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 4 de Chinneadh 2004/752/CE, CEFA.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Deireadh Fónhair 2005.

An Clárúitheoir
E. COULON

An tUachtarán
B. VESTERDORF